Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022**
**(OR. en, bg)**

**10743/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0203(COD)**

**ENER 343**
**ENV 679**
**TRANS 454**
**ECOFIN 682**
**RECH 415**
**CLIMA 328**
**IND 264**
**COMPET 551**
**CONSOM 172**
**CODEC 1036**
**IA 110**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10745/21 + REV 2 + ADD 1 + ADD 1 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú)<br>- Ráiteas ón mBulgáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an ráiteas ón mBulgáir i ndáil le cur chuige ginearálta na Comhairle don Athmhúnlú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (athmhúnlú), mar a leagtar amach in 10697/22 é, a pléadh ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 27 Meitheamh 2022.

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA BULGÁIRE
**i ndáil leis an leagan Béarla den Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (athmhúnlú)**

Is den mhórtábhacht do Phoblacht na Bulgáire cur chun cinn agus cosaint chearta an duine. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine, agus leanfaidh sí de bheith tiomanta dóibh.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Ina theannta sin, in 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil nach bhféadfaí, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, breathnú ar choincheap an ghnéis a úsáidtear sa Bhunreacht, ach amháin sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch (fir agus mná).

Ní chuireann Poblacht na Bulgáire i gcoinne cur chuige ginearálta a ghlacadh i ndáil leis an dréacht-Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, ach, a mhéid a bhaineann leis na téarmaí 'gnéas' agus 'inscne' in aithris 99 a úsáid an tráth céanna, dearbhaíonn sí, i gcomhréir leis na cinntí thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, nach nglacann sí le haon **idirdhealú idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar thógán shóisialta**.